Sustainable Swords

# Sustainable Swords
# **Strategy**



Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



Over the last 1,500 years Swords has gone from being a monastic settlement to the point where it is the county town of Fingal and, in the coming years, is set to be classified as a city with a growing population.

In preparation of this population growth, Fingal County Council has developed a strategy focused on the strategic regeneration and sustainable development of the existing town.

Sustainable Swords

It is a plan based on best practice in urban development from across the world and will create an accessible, inclusive, child-friendly, and healthy urban environment in Swords which will, in turn, increase the resilience of the local economy.

The draft Sustainable Swords Strategy contains 16 projects across five themes that can be funded through different streams and create a place where people will want to live, work, visit and do business. It is anticipated this series of short, medium, and long-term projects will be delivered in a phased manner over time and will transform Swords into a modern European city that celebrates its unique history.

The strategy has been developed over the last two years and is now being presented to the people of Swords for their feedback.  It can be viewed and downloaded at **www.fingal.ie/sustainableswords** while copies are available to read at County Hall and Swords Library.

It is important for the Council to receive feedback from residents, business owners, workers, students, investors and visitors on what they like and don't like about the plan because it is going to be part of the blueprint for the future development of Swords.

**Submissions can made to https://consult.fingal.ie before Tuesday, October 18, 2022.**



## SUSTAINABLE SWORDS VISION:

Collaboration and investment will see Swords town centre transformed to a more vibrant, attractive and accessible town centre, a beating green heart for Fingal.

# THEMES AND PROJECTS

There are five themes in the Sustainable Swords Strategy from which 16 transformational projects have emerged. Over the next few years Fingal County Council will apply for funding from different streams, such as the Urban Renewal Development Fund, to deliver these projects.



# THEME 1: MAIN STREET

**Under this theme, Main Street, the heart of Swords, will be transformed into a more attractive and vibrant place, encouraging people to stay longer, spend more and have a more enjoyable experience in the centre of the town.**

### Project 1: Swords Main Street Transformation

This project will include:

- Completion of Swords Cultural Quarter public realm
- Creation of new public space outside The Old Borough.
- Extended footways and enhanced pedestrian crossings
- Creation of pedestrian amenity zones with coordinated street furniture, activity elements and rain gardens
- Cycles lanes both sides of road, integrated with the public realm
- Replacement street trees, with linked root cells where possible.
- Continuous southbound and northbound bus routes
- Northbound only general traffic
- Bus stops rationalised and upgraded
- Raised tables at junctions with Bridge Street, Malahide Road and Forest Road/Church Road, for traffic calming and place making
- On-street parking significantly reduced and loading bays rationalised
- Enhanced pedestrian links to public car parks and the riverside
- Essential service/emergency vehicle access retained



## THEME 2: REIMAGING OUR PUBLIC REALM

**This theme envisages a major improvement in the quality of the public space in Swords town centre. The focus is on a phased enhancement of the public realm that will provides space for all and add to the attractiveness of the town centre.**

### Project 2: Swords Liveable Laneways Strategy

The Liveable Laneways project will provide accessible, convenient, and desirable pedestrian access on seven laneways off Main Street in order to facilitate greater footfall, vibrancy, activity and investment in the Town Centre. Related benefits include enhancing the perception of safety, making them more welcoming and attractive for all, and developing a strengthened sense of community.

### Project 3: Swords Key Local Streets Enhancement

There are a number of key roads which link Main Street to the rest of Swords and beyond. These will see an improvement in provision for pedestrians and cyclists together with traffic calming and road upgrades and open space improvements. There will also be rationalisation of on-street car-parking and upgrading of street lighting and signage.

### Project 4: Enabling Shopfront Enhancements

Fingal County Council in partnership with the Dublin Fingal Chamber of Commerce, Balbriggan Chamber of Commerce and Malahide Chamber of Commerce have developed a Shopfront and Main Street Residence Painting and Improvement Grant Scheme for Fingal County. Fingal County Council will promote this shopfront improvement scheme within Swords town focusing on properties on Main Street as well as lanes and streets leading directly off Main Street.

### Project 5: Swords Smart Streets

Smart Streets aim to combine the physical infrastructure of streets with digital infrastructure which provides good quality information for better and informed decision making. The implementation of smart infrastructure such as smart bins, smart benches, smart water filling stations and smart lighting enables the owner and operator to get more out of their assets and provide additional servicers to the population.

# THEME 3: IMPROVING ACCESS, PERMEABILITY AND CONNECTIVITY


**Enabling ease of movement and more active travel is critically important to deliver on ambitions with regards to reducing private car use which in turn will have a positive impact on the environment, physical health and reducing greenhouse gas emissions. These interventions will seek to showcase Swords rich natural and built heritage and capitalise on investment in Metrolink, BusConnects and the R132.**

## Project 6: Swords Cycle Network

The proposed Swords Cycle Network comprises five radial routes linking the outer residential areas to Swords Town Centre, as well as key destinations such as community facilities, schools, and employment hubs. Development of these routes, in association with complementary measures such as a low traffic neighbourhood approach, will be a critical element in encouraging and facilitating a cycling culture in Swords.

## Project 7: Swords Greenway Network Initiative

Swords boasts extensive natural assets including the Ward River, Ward River Valley Park, the Town Park, and the Broadmeadow River. This network of green and blue corridors has significant potential to facilitate more sustainable modes of transport to places of work and study as well as enabling recreation and tourism throughout Swords.





## Project 8: Swords Quietways and Home Zones

Quietways will improve permeability for people walking and cycling which, together with public realm and junction upgrades, will also help create Safer Routes to Schools. Quietways also provide the framework for introducing traffic calming and shared priority measures to entire residential neighbourhoods. The concept of Home Zones is where people and vehicles share the whole of the street space safely, and on equal terms, and where the quality of life takes precedence over the ease of traffic movement. Lightly trafficked residential streets and laneways in Swords, where vehicular traffic is generally quieter and calmer, have been identified and will appeal particularly to new and inexperienced cyclists.

## Project 9: Swords Safe Routes to School/School Zones

The Safe Routes to School Programme delivers a suite of proposed solutions such as front of school improvements, traffic calming, footpath improvements, crossing points, filtered permeability and point closures to make walking and cycling to school a safer, more convenient option for all. There are seven primary and secondary schools within the Sustainable Swords Study Area, with more in the wider catchment. Green Schools Audits and Universal Walkability Audits will be undertaken to inform school-specific interventions, complemented by the wider aims and recommendations of the Sustainable Swords Transport and Placemaking Strategy.

## Project 10: Swords Western Distributor Road

The delivery of the Swords Western Distributor Road is a key objective of the South Fingal Transport Study and the Fingal Development Plan, and is considered a critical enabler for Sustainable Swords as it is expected to play a multi-modal function, with high-quality, segregated walking and cycling facilities and the potential to incorporate bus priority where appropriate. Along with the R132, it will direct vehicular through-traffic away from Swords Town Centre, allowing public realm and urban design enhancements to take place to make it a healthier, more attractive and vibrant place to live, work, invest and spend time in. It will also improve connections to MetroLink Estuary Station and Park and Ride.

# THEME 4: PROTECTING AND PROMOTING OUR HERITAGE

**The built heritage of Swords provides the basis for the story of the evolution of the settlements. The projects included here enhance and protect that heritage for future generations, as well as new experiences for visitors which in turn will encourage increased tourism spend in the town.**

### Project 11: Swords Cultural Quarter

Swords has an important and significant heritage town centre with many civic and cultural landmarks including, the castle, courthouse, the civic offices and park. Swords Castle is being transformed into a new cultural hub, including a theatre and library, that will instil and foster a sense of place and civic pride and also act as a counterpoint to the shopping and business areas of the town.

### Project 12: Swords Stories Study

Swords has a rich and evocative history. Many people in the town have stories of the past that would be of interest to current and future generations. 'Swords Stories' would capture these stories and provide an immersive and compelling experience. These stories could be integrated with the Greenways and Quietways to tell a story about Swords and provide a visitor attraction within and around the town which could include both a heritage trail around the town and an exhibition space located in Swords Cultural Quarter.

### Project 13: St Columba's Church and Round Tower Visitors Experience Feasibility Study

It is recommended that a feasibility study is conducted on the creation of a Visitor Experience at St Columba's Church and Round Tower. The development of such an attraction in Swords would celebrate the town's built and cultural heritage, adding to a sense of place. It would also encourage more visitors to Swords and for those visitors to stay longer, increasing local revenue generation from tourism.



## WEBINAR

The team that produced the Sustainable Swords Strategy will host a webinar on Thursday, September 15 at 7pm which will feature presentations as well as a Q&A session.

Register at: **https://consult.fingal.ie/en/content/sustainable-swords-webinar**

# THEME 5: SUPPORTING AND CELEBRATING A SUSTAINABLE COMMUNITY

**Swords has a thriving community. The aim is to support this community and position Swords as the best place to live, work and visit in County Dublin. This theme includes a focus on enhancing the natural environment, supporting community initiatives, and celebrating Swords through promotion and branding which will include a wayfinding strategy.**

### Project 14: Swords Community Forest


The Swords Woodland Association has formulated an advanced plan for a tree planting initiative around Swords town. This project would be supported as a Swords Community Forest in line with the policies, objectives and actions outlined in the Council's adopted tree strategy "The Forest of Fingal , A Tree Strategy for Fingal". It would provide green corridors around the town and linking into the centre of Swords.

### Project 15: Swords Sustainable Community Initiative

Community led sustainable energy initiatives will be supported and promoted by Fingal County Council. SEAI have already engaged with Swords Tidy Town to assist the group move Swords towards a Sustainable Energy Community. Other community initiatives will be organised to raise awareness of the need for energy saving measures such as a 'local energy show'.

### Project 16: Swords Promotional and Branding Initiative

Business community initiatives aimed at rebuilding the local economy in Swords will encourage the public to shop local and support the town's service and retail providers. Developing a brand identity for Swords and consistently maintaining this brand will be key for this project's successful implementation.





## INFORMATION STANDS

There will be a Sustainable Swords Strategy Information Stand in Swords Pavilions on **Tuesday, September 20, from 10am to 4pm.**

There will be an information stand in The Atrium at County Hall, Swords, from **September 7 to October 18**

## STALLA FAISNÉISE

Beidh Stalla Faisnéise don Straitéis Sord Inbhuanaithe le fáil in Ionad Siopadóireachta Pavilions i Sord **Dé Máirt an 20 Meán Fómhair ó 10am go dtí 4pm.**

Beidh stalla faisnéise le fáil san Atrium ag Halla an Chontae, Sord, ón **7 Meán Fómhair go dtí an 18 Deireadh Fómhair.**



# TÉAMA 5: POBAL INBHUANAITHE A CHOTHÚ AGUS A CHEILIÚRADH

**Tá pobal faoi bhláth ag Sord. Táthar ag iarraidh tacaíocht a thabhairt don phobal sin agus an áit is fearr i mBaile Átha Cliath le cónaí agus obair ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Shord. Áirítear leis an téama seo díriú ar an timpeallacht nádúrtha a fheabhsú, ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh phobail agus ar Shord a cheiliúradh trí chur chun cinn agus trí bhrandáil, rud a mbeidh straitéis aimsithe bealaigh ina gné de.**

### Tionscadal 14: Foraois Pobail Shoird

Cheap Cumann Coillearnaí Shoird ardphlean le haghaidh tionscnamh cuir crann timpeall bhaile Shoird. Thacófaí leis an tionscadal seo mar Fhoraois Pobail de chuid Shoird ar aon dul leis na beartais, na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis crann dar teideal "Foraois Fhine Gall: Straitéis Crann d'Fhine Gall" ar ghlac an Chomhairle í. Is é an toradh a bheadh air ná go soláthrófaí conairí glasa timpeall an bhaile, a nascfadh chuig lár Shoird.

### Tionscadal 15: Tionscnamh Pobail Inbhuanaithe Shoird

Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe atá faoi stiúir ag an bpobal a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn. Tá teagmháil déanta ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann cheana féin le Cumann Bailte Slachtmhara Shoird chun cabhrú leis an ngrúpa Sord a aistriú ina Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe. Eagrófar tionscnaimh eile phobail chun feasacht a mhéadú ar an ngá le bearta coigilte fuinnimh amhail 'seó fuinnimh áitiúil'.

### Tionscadal 16: Tionscnamh Cur Chun Cinn agus Brandála Shoird

Is é an toradh a bheidh ar thionscnaimh phobail gnó a bhfuil mar aidhm leo an geilleagar áitiúil i Sord a atógáil ná go spreagfar an pobal chun siopadóireacht a dhéanamh sa cheantar áitiúil agus tacú le soláthraithe seirbhíse agus miondíola an bhaile. Cuid dhílis de chur chun feidhme rathúil an tionscadail seo a bheidh i bhféiniúlacht bhranda a fhorbairt do Shord agus sa bhranda sin a choinneáil ar bun.





## SEIMINEÁR GRÉASÁIN

Óstálfaidh an fhoireann a chuir an Straitéis Sord Inbhuanaithe le chéile seimineár Gréasáin Déardaoin an 15 Meán Fómhair ag 7pm. Beidh láithreoireachtaí agus seisiún ceisteanna agus freagraí i gceist leis.

Cláraigh ag : **https://consult.fingal.ie/en/content/sustainable-swords-webinar**

# TÉAMA 4: ÁR NOIDHREACHT A CHOSAINT AGUS A CHUR CHUN CINN

**Is le hoidhreacht thógtha Shoird a insítear scéal éabhlóid na lonnaíochtaí. Leis na tionscadail atá ar áireamh anseo, déanfar breisiú agus cosaint ar an oidhreacht sin do na glúine atá le teacht agus ar eispéiris nua do chuairteoirí, rud lena dtabharfar spreagadh do thurasóirí níos mó airgid a chaitheamh sa bhaile.**

### Tionscadal 11: Ceathrú Chultúrtha Shoird

Tá ag Sord lár baile oidhreachta tábhachtaí suntasaí a chuimsíonn a lán sainchomharthaí sibhialta agus cultúrtha. Áirítear leo sin an caisleán, an teach cúirte, na hoifigí cathartha agus an pháirc. Tá Caisleán Shoird á bhunathrú ina mhol chultúrtha nua lena n-áireofar amharclann agus leabharlann agus lena ndéanfar ómós áite agus bród sibhialta a spreagadh agus a chothú. Chomh maith leis sin, beidh an mol ina chuntraphointe ag na limistéir shiopadóireachta agus ghnó den bhaile.

### Tionscadal 12: Staidéar Scéalta Shoird

Tá stair shaibhir chorraitheach ag Sord. Tá ag a lán daoine sa bhaile scéalta faoin am atá thart a mbeadh spéis ag glúine reatha agus glúine sa todhchaí iontu. Is é an toradh a bheadh ar 'Scéalta Shoird' ná go ngabhfaí na scéalta sin agus go soláthrófaí eispéireas tumthach ríspéisiúil. D'fhéadfaí na scéalta sin a chomhtháthú leis na Glasbhealaí agus na Ciúinbhealaí chun scéal a insint faoi Shord agus chun ní is díol spéise do chuairteoirí a sholáthar laistigh den bhaile agus timpeall an bhaile. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin rian oidhreachta timpeall an bhaile mar aon le spás taispeántais a bheadh lonnaithe i gCeathrú Chultúrtha Shoird.

### Tionscadal 13: Staidéar Indéantachta ar Eispéireas Cuartaíochta ag Eaglais agus Cloigtheach Cholm Cille

Moltar go ndéanfaí staidéar indéantachta ar Eispéireas Cuartaíochta a chruthú ag Eaglais agus Cloigtheach Cholm Cille. Dá bhforbrófaí ní is díol spéise den sórt sin i Sord, cheiliúrfaí oidhreacht thógtha agus chultúrtha an bhaile, rud a chuirfeadh le hómós áite. Chomh maith leis sin, bheadh sé ina spreagadh do níos mó cuairteoirí teacht go Sord agus tréimhse níos faide a chaitheamh ann, agus an ghiniúint ioncaim áitiúil ón turasóireacht á méadú.



### Tionscadal 8: Ciúinbhealaí agus Sráideanna Cónaithe Shoird

Is é an toradh a bheidh ar chiúinbhealaí ná go gcuirfear feabhas ar thréscaoilteacht do dhaoine a bhíonn ag siúl agus ag déanamh rothaíochta. I dteannta uasghráduithe ar an ríocht phoiblí agus ar acomhail, cabhróidh siad freisin le Bealaí Níos Sábháilte chuig Scoileanna a chruthú. Toradh eile a bheidh ar chiúinbhealaí is ea go soláthraítear leo an chreatlach le haghaidh bearta moillithe tráchta agus bearta tosaíochta comhroinnte a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí cónaithe ina n-iomláine. Is é atá i gceist le Sráideanna Cónaithe ná áiteanna inar féidir le daoine agus le feithiclí an spás sráide ar fad a chomhroinnt go sábháilte agus go comhionann agus ina dtugtar tosaíocht do cháilíocht na beatha in ionad éascaíocht na gluaiseachta tráchta.  Sainaithníodh sráideanna cónaithe agus lánabhealaí i Sord a bhfuil trácht éadrom iontu, áit arb amhlaidh den chuid is mó is ciúine agus is socra a bhíonn an trácht feithiclí, agus beidh siad sin tarraingteach do rothaithe nua agus rothaithe nach bhfuil mórán taithí acu go háirithe.

### Tionscadal 9: Bealaí Sábháilte Shoird chuig Scoileanna/Criosanna Scoile

Leis an gClár um Bealaí Sábháilte chuig Scoileanna, soláthraítear sraith réiteach beartaithe chun siúl agus rothaíocht chuig an scoil a dhéanamh ina rogha níos caoithiúla do gach duine. Áirítear leo sin feabhsuithe scoile, moilliú tráchta, feabhsuithe cosán, trasrianta coisithe, tréscaoilteacht scartha agus dúntaí pointe. Is ann do sheacht gcinn de bhunscoileanna agus de mheánscoileanna laistigh de Limistéar Staidéir Sord Inbhuanaithe, agus tá níos mó fós lonnaithe laistigh den mhórcheantar. Tabharfar faoi Iniúchtaí Scoileanna Glasa agus Iniúchtaí Insiúltachta Dearaidh Uilíoch chun eolas a dhéanamh d'idirghabhálacha atá sonrach don scoil, agus iad comhlánaithe ag móraidhmeanna agus mórmholtaí na Straitéise Iompair agus Comhfhorbairt Áite Sord Inbhuanaithe.

### Tionscadal 10: Bóthar Dáileacháin Thiar Shoird

Príomhchuspóir de Staidéar Iompair Fhine Gall Theas agus de Phlean Forbartha Fhine Gall is ea Bóthar Dáileacháin Thiar Shoird a sholáthar, agus meastar é a bheith ina thoisc ríthábhachtach taobh thiar de Shord Inbhuanaithe a chur i gcrích toisc go meastar go mbeidh feidhm ilmhódach aige, agus saoráidí leithscartha siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán agus an acmhainneacht chun tosaíocht bus a chur ar áireamh nuair is cuí a bheith ann. Chomh maith leis an R132, treorófar an tréthrácht feithiclí amach ó Lár Baile Shoird leis, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann feabhas a chur an ríocht phoiblí agus ar an dearadh uirbeach chun go mbeidh sé ina áit níos sláintiúla, níos tarraingtí agus níos beoga le cónaí, obair, infheistiú agus am a chaitheamh ann. Toradh eile a bheidh air is ea go gcuirfear feabhas ar na naisc chuig Stáisiún agus Páirceáil agus Taisteal MetroLink an Inbhir.

# TÉAMA 3: ROCHTAIN, TRÉSCAOILTEACHT AGUS NASCACHT A FHEABHSÚ

**Is é atá in éascaíocht gluaiseachta agus taisteal níos gníomhaí a chumasú ná cuid ríthábhachtach dár n-uaillmhianta maidir le húsáid an chairr phríobháidigh a laghdú a chomhlíonadh, rud a mbeidh tionchar dearfach aige ar an gcomhshaol, ar an tsláinte fhisiciúil agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Beidh sé mar aidhm leis na hidirghabhálacha sin oidhreacht nádúrtha agus thógtha shaibhir Shoird a thaispeáint agus leas a bhaint as an infheistíocht in MetroLink, in BusConnects agus san R132.**

### Tionscadal 6: Gréasán Rothaíochta Shoird

Is é atá i nGréasán Rothaíochta Shoird atá beartaithe ná cúig bhealach ghathacha lena nascfaí na bruachlimistéir chónaithe chuig Lár Baile Shoird agus chuig príomhchinn scríbe amhail saoráidí pobail, scoileanna agus moil fostaíochta. Is é a bheidh sna bealaí sin a fhorbairt, mar aon le bearta comhlántacha amhail cur chuige comharsanachtaí ísealtráchta, ná cuid ríthábhachtach de chultúr rothaíochta a spreagadh agus a éascú i Sord.

### Tionscadal 7: Tionscnamh Ghréasán Glasbhealaí Shoird

Tá ag Sord sócmhainní nádúrtha fairsinge amhail Abhainn an Bharda, Páirc Ghleann Abhainn an Bharda, an Pháirc Bhaile, agus Abhainn Ghabhra. Tá acmhainneacht shuntasach ag an ngréasán sin conairí glasa agus gorma chun modhanna iompair níos inbhuanaithe chun taisteal chuig áiteanna oibre agus staidéir a éascú, mar aon le háineas agus turasóireacht a chumasú ar fud Shoird.



# TÉAMA 2: ÁR RÍOCHT PHOIBLÍ A ATHSHAMHLÚ

**Samhlaítear leis an téama seo feabhas ollmhór a chur ar cháilíocht an spáis phoiblí i lár baile Shoird. Leagtar an bhéim ar an ríocht phoiblí a bhreisiú de réir a chéile chun go soláthrófar spás do gach duine agus go gcuirfear le tarraingteacht an láir baile.**

### Tionscadal 2: Straitéis Lánabhealaí Inchónaithe Shoird

Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal Lánabhealaí Inchónaithe ná go soláthrófar rochtain inrochtana, chaoithiúil agus inmhianaithe do choisithe ar sheacht lánabhealach as an bPríomhshráid chun cabhrú leis an líon daoine, an bheogacht, an ghníomhaíocht agus an infheistíocht sa Lár Baile a mhéadú. Ar na tairbhí gaolmhara beidh feabhas a chur ar an dearcadh i leith sábháilteachta, iad a dhéanamh níos fáiltí agus níos tarraingtí do gach duine, agus braistint phobail níos láidre a fhorbairt.

### Tionscadal 3: Feabhsú Phríomhshráideanna Áitiúla Shoird

Is ann do roinnt príomhbhóithre lena nasctar an Phríomhshráid chuig an gcuid eile de Shord agus chuig áiteanna níos faide anonn. Cuirfear feabhas orthu sin maidir leis an soláthar do choisithe agus do rothaithe, tabharfar moilliú tráchta agus uasghráduithe bóthair isteach agus cuirfear feabhas ar an spás oscailte. Chomh maith leis sin, cuíchóireofar an pháirceáil carranna ar an tsráid agus uasghrádófar soilsiú sráide agus comharthaíocht.

### Tionscadal 5: Sráideanna Cliste Shoird

Ag obair di i gcomhpháirt le Comhlachas Tráchtála Fhine Gall-Bhaile Átha Cliath, le Comhlachas Tráchtála Bhaile Brigín agus le Comhlachas Tráchtála Mhullach Íde, d'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall Scéim Deontais Péinteála agus Feabhsúcháin d'Aghaidheanna Siopaí agus Áiteanna Cónaithe ar an bPríomhshráid do Chontae Fhine Gall. Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall an scéim feabhsúcháin aghaidheanna siopaí sin chun cinn laistigh de bhaile Shoird, agus díriú á leagan ar mhaoine ar an bPríomhshráid agus ar na lánaí agus na sráideanna atá lonnaithe go díreach amach as an bPríomhshráid.

### Tionscadal 5: Sráideanna Cliste Shoird

Tá sé mar aidhm le Sráideanna Cliste bonneagar fisiciúil na sráideanna a chomhcheangal le bonneagar digiteach lena soláthraítear faisnéis dea-cháilíochta ar mhaithe le cinnteoireacht atá níos fearr agus eolach. Trí bhonneagar cliste amhail araidí bruscair cliste, binsí cliste, stáisiúin líonta uisce cliste agus soilsiú cliste a chur chun feidhme, cuirtear ar chumas an úinéara agus an oibreora leas níos fearr a bhaint as a sócmhainní agus seirbhísí breise a sholáthar don phobal.

# TÉAMA 1: PRÍOMHSHRÁID SHOIRD

**Faoin téama seo, bunathrófar an Phríomhshráid, arb í croílár Shoird í, ina háit níos tarraingtí agus níos beoga, rud lena spreagfar daoine chun fanacht ann ar feadh tréimhse níos faide, níos mó airgid a chaitheamh ann agus eispéireas níos taitneamhaí a bheith acu i lár an bhaile.**

**Tionscadal 1: Bunathrú Phríomhshráid Shoird**

Áireofar leis an tionscadal seo:

- Ríocht phoiblí Cheathrú Chultúrtha Shoird a chur i gcrích
- Spás poiblí nua a chruthú lasmuigh de The Old Borough.
- Cosáin shínte agus trasrianta coisithe níos fearr
- Criosanna taitneamhachta coisithe a chruthú, agus troscán sráide, gnéithe gníomhaíochta agus gairdíní báistí a bheidh comhordaithe leo ann
- Lánaí rothar ar an dá thaobh den bhóthar, agus iad comhtháite leis an ríocht phoiblí
- Crainn sráide athsholáthair, agus cealla fréimhe nasctha ann nuair is féidir.
- Bealaí leanúnacha bus ó dheas agus ó thuaidh
- Trácht ginearálta ó thuaidh amháin
- Stadanna bus a bheith cuíchóirithe agus uasghrádaithe
- Dromchlaí ardaithe ag na hacomhail le Sráid an Droichid, le Bóthar Mhullach Íde agus le Bóthar na Foraoise/Bóthar an Teampaill, le haghaidh moilliú tráchta agus comhfhorbairt áite
- An líon áiteanna páirceála ar an tsráid a bheith laghdaithe go mór agus bánna lódála a bheith cuíchóirithe
- Naisc coisithe níos fearr chuig carrchlóis phoiblí agus chuig an limistéar cois abhann
- Rochtain do sheirbhísí bunriachtanacha/d'fheithiclí éigeandála a bheith coinnithe ar bun



# TÉAMAÍ AGUS TIONSCADAIL

Is ann do chúig théama sa Straitéis Sord Inbhuanaithe, ar tháinig 16 thionscadal bhunathraitheacha astu. Sna blianta beaga romhainn, déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall iarratas ar chistiú ó shruthanna difriúla, amhail an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, chun na tionscadail sin a sholáthar.



Is plean é atá bunaithe ar an dea-chleachtas san fhorbairt uirbeach ó áiteanna ar fud an domhain agus is é an toradh a bheidh air ná go gcruthófar timpeallacht uirbeach a bheidh inrochtana, ionchuimsitheach, sláintiúil, agus oiriúnach do leanaí, rud a mhéadóidh athléimneacht an gheilleagair áitiúil.

Cuimsítear sa dréacht-Straitéis Sord Inbhuanaithe 16 thionscadal ar fud cúig théama is féidir a chistiú trí shruthanna éagsúla agus ar féidir leo áit a chruthú a mbeidh daoine ag iarraidh cuairt a thabhairt air agus cónaí, obair agus gnó a dhéanamh ann. Meastar go soláthrófar an tsraith seo tionscadal gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach de réir a chéile le himeacht ama agus go mbunathrófar Sord ina chathair Eorpach nua-aimseartha a cheiliúrfaidh a stair uathúil féin dá barr.

Táthar ag forbairt na straitéise le dhá bhliain anuas agus tá sí á cur i láthair do mhuintir Shoird anois lena n-aiseolas a fháil.  Is féidir amharc uirthi agus í a íoslódáil ag www.fingal.ie/sustainableswords agus tá cóipeanna ar fáil ag Halla an Chontae agus i Leabharlann Shoird lena léamh.

Tá sé tábhachtach don Chomhairle go bhfaigheadh sí aiseolas ó chónaitheoirí, ó úinéirí gnó, ó oibrithe, ó mhic léinn, ó infheisteoirí agus ó chuairteoirí maidir leis na nithe is maith leo agus na nithe nach maith leo faoin bplean toisc go mbeidh sé mar chuid den treoirphlean le haghaidh fhorbairt Shoird sa todhchaí.

**Is féidir aighneachtaí a chur chuig https://consult.fingal.ie roimh an Máirt an 18 Deireadh Fómhair 2022.**

## FÍS SORD INBHUANAITHE:

Mar thoradh ar chomhoibriú agus infheistíocht, bunathrófar lár baile Shoird ina lár baile a bheidh níos beoga, níos tarraingtí agus níos inrochtana, agus é ina chroí glas láidir d’Fhine Gall.





Thar an 1,500 bliain atá imithe thart, iompaíodh Sord óna lonnaíocht mhainistreach ina lárionad arb é baile contae Fhine Gall é agus, sna blianta atá le teacht, tá sé le haicmiú mar chathair a mbíonn daonra méadaitheach aici.

Chun ullmhú don fhás daonra sin, d'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall straitéis atá dírithe ar athghiniúint straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe an bhaile atá ann cheana.

Sustainable Swords

Sustainable Swords

# Straitéis Sord **Inbhuanaithe**



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council